**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018**

**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL**

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 3.30**

| STAMPA AN IONAID |
| --- |
| |

| SCRÚDUIMHIR | |
| --- | --- |

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A**, **B** agus **C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeánann **Pictiúr A** léarscáil de Chúil Raithin thart ar aimsir Phlandáil Uladh in 1609.*

(i) Cad a tógadh thart ar an mbaile seo chun é a chosaint?

........................................................................................................................ (3)

(ii) Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an abhainn atá le hais an bhaile.

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (3)

(iii) Idir 1550 agus 1660 nó mar sin, chuir rialtóirí Briotanacha plandálacha i bhfeidhm in Éirinn. Mínigh a bhfuil i gceist le plandáil.

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Taispeánann **Pictiúr B** daoine atá stiúgtha leis an ocras taobh amuigh de theach na mbocht le linn an Ghorta Mhóir (1845-1850).*

(i) Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a thug le tuiscint gur theastaigh cabhair ó dhaoine bochta.

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (3)

(ii) Cén fáth ar foilsíodh pictiúir den chineál seo sna nuachtáin ag an am sin?

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

(iii) Cén fáth a raibh daoine bochta níos measa as ná aon dream eile le linn an Ghorta Mhóir?

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann **Pictiúr C** seanphóstaer iarnróid.*

(i) Cá raibh na rásaí le bheith ar siúl?

........................................................................................................................ (3)

(ii) Cén t-am a raibh an traein le Corcaigh a fhágáil?

........................................................................................................................ (3)

(iii) Ainmnigh **dhá** stáisiún a mbeadh an traein ag dul tríothu.

........................................................................................................................ (4)

(iv) Mínigh a bhfuil i gceist le *foinse phríomha.* Tabhair sampla **amháin**.

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**
*Agallamh le seandálaí.*

(i) Cad é an chéad phost a bhí aige?

........................................................................................................................ (2)

(ii) Cá raibh an suíomh trádála a thochail sé?

........................................................................................................................ (2)

(iii) Cén fáth a raibh gach rud caomhnaithe go maith?

........................................................................................................................ (3)

(iv) Cad a fuair an seandálaí faoi mhata?

........................................................................................................................ (3)

(v) Conas a roghnaíonn seandálaithe suíomh chun tochailt a dhéanamh ann?

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

(vi) Conas a chuireann seandálaithe dáta leis na déantáin a fhaigheann siad?

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (4)

*(b)* **Doiciméad 2**
*Saighdiúir Meiriceánach ag cur síos ar a chuid eachtraí ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda.*

(i) Cén tír ina raibh an saighdiúir seo ag bailiú gunnaí agus armlóin?

..............................................................................................................(2)

(ii) Cé a rinne formhór na hoibre do na Meiriceánaigh?

..............................................................................................................(2)

(iii) Cár tharla an phléasc?

..............................................................................................................(3)

(iv) Cad ba chúis leis an bpléasc?

..............................................................................................................

..............................................................................................................(3)

(v) Conas a shábháil an fear a bhí clúdaithe le bindealáin é féin?

..............................................................................................................

..............................................................................................................(3)

(vi) Cén fáth a lorgaíonn staraithe eolas faoin echtra chéanna ó fhoinsí éagsúla?

..............................................................................................................

..............................................................................................................

..............................................................................................................(4)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc gach ceist.

(i) Ainmnigh cineál **amháin** tuama a úsáideadh le linn na Clochaoise in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(ii) Cén fáth ar tugadh *fiagaithe-cnuasaitheoirí* ar na chéad daoine a bhí ina gcónaí in Éirinn?

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(iii) Conas a rinne daoine in Éirinn anallód cré-umha?

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(iv) Ainmnigh saothar ealaíne **amháin** ó mhainistir ó ré na luath-Chríostaíochta in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(v) Ainmnigh naomh **amháin** ó ré na luath-Chríostaíochta in Éirinn agus suíomh **amháin** a luaitear leis/léi.
Naomh: …………………………… Suíomh: ………………………………………………………(6)

(vi) Ainmnigh seirbhís **amháin** a chuir mainistreacha ar fáil don mhuintir áitiúil i ré na luath-Chríostaíochta.

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(vii) Mínigh cén fáth a bhfuair an méid sin daoine bás i ngeall ar ghalair cosúil leis an Phlá Dhubh sna Meánaoiseanna.

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(viii) Mínigh modh **amháin** a bhíodh ag arm chun ionsaí a dhéanamh ar chaisleán Meánaoiseach.

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(ix) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann gur beag an tuiscint a bhí ag muintir na Meánaoiseanna ar thíreolaíocht.

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(x) Tabhair cúis **amháin** a ndearna rialtóirí Eorpacha urraíocht ar thaiscéalaithe thart ar 1500.

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(xi) Cén fáth a bhfuair an méid sin de bhundúchasaigh Mheiriceá bás tar éis dóibh teacht i dteagmháil le taiscéalaithe ón Eoraip?

…………………………………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xii) Ainmnigh fadhb **amháin** a bhí san Eaglais Chaitliceach thart ar an mbliain 1500.

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xiii) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** ón Reifirméisean agus tuairim amháin a luaitear leis.

Leasaitheoir: ................................................ Tuairim: ....................................................

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xiv) Luaigh bealach **amháin** ina ndearna an Eaglais Chaitliceach iarracht stop a chur le scaipeadh an Phrotastúnachais.

…………………………………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xv) Tabhair cúis **amháin** ar tháinig meath ar an nGaeilge sa tréimhse 1550-1850.

…………………………………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xvi) Ainmnigh aireagán **amháin** ón Réabhlóid Thalmhaíochta **agus** mínigh conas a chuir sé feabhas ar an bhfeirmeoireacht.

…………………………………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xvii) Ainmnigh duine **nó** grúpa **amháin** a rinne iarracht feabhas a chur ar shaol oibrithe sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xviii) Tabhair cúis **amháin** a raibh an saol míthaitneamhach i gcathracha na Breataine thart ar 1850.

…………………………………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xix) Ainmnigh aireagán **amháin** ón Réabhlóid Thionsclaíoch **agus** an té ba chúis leis.

Aireagán: ……………………………………………………………………………………………………………………

Aireagóir: ………………………………………………………………………………………………………………….(6)

(xx) Conas a d'athraigh an Bhreatain mar thoradh ar an Réabhlóid Thionsclaíoch?

……………………………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………….(6)

**FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS i bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a bhfuil cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa a ainmníonn tú taobh amuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA: * Creideamh * Tithíocht
* Saol an ghnáthdhuine * Siamsaíocht

(25)

(ii) **Duine a chónaigh in Éirinn le linn thréimhse na gCeilteach.**

LEIDEANNA: * Tithíocht * Siamsaíocht
* Creideamh * Cultúr

(25)

(iii) **Duine a chónaigh san Iodáil le linn na hAthbheochana.**

LEIDEANNA * Fáthanna ar thosaigh sí ansin * Feabhsúcháin sa phéintéireacht
* Ealaíontóirí agus saothair ealaíne cháiliúla * Feabhsúcháin san eolaíocht

(25)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú (i Meiriceá nó sa Fhrainc nó in Éirinn) le linn Thréimhse na Réabhlóidí, 1770-1815.**

LEIDEANNA: * Ag dul leis an bpolaitíocht * Tuairimí
* Príomhimeachtaí na réabhlóide * Torthaí na réabhlóide

(25)

(ii) **Ceannaire polaitiúil, a ainmníonn tú, as Éirinn le linn na tréimhse 1900-1985.**

LEIDEANNA: * Páirtí/grúpaí polaitiúla * Modhanna
* Tuairimí * Torthaí a c(h)uid oibre

**NÓ** **Seanbhean ag cur síos ar athruithe ar a saol agus í ina cónaí i gcathair in Éirinn.**

LEIDEANNA: * Obair agus jabanna * Taisteal
* Tithíocht * Siamsaíocht agus spóirt (25)

(iii) **Duine ó <u>lasmuigh</u> d'Éirinn a mhair le linn imeacht mór idirnáisiúnta, 1945-1985.**

LEIDEANNA: *Ainm an imeachta agus na gceannairí * Cúiseanna an imeachta
*An tionchar orthu siúd a bhí páirteach * Tábhacht (25)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A**




Foinse: http://niarchive.org/trails/plantation-rewriting-the-story/img/plantation/

**PICTIÚR B**



Foinse: http://tipperarystudies.ie/2016/10/04/dunkerrin-lecture-series-famine-in-toomevara-24-Oct-8-15/

**PICTIÚR C**

**MÓR-IARNRÓD AN DEISCIRT & AN IARTHAIR**

# RÁSAÍ

## MHAINISTIR FHEAR MAÍ

## DÉARDAOIN 16 MÁRTA

---

**AR AN DÁTA THUAS**

Fágfaidh **TRAEIN SPEISIALTA** 1ú & 3ú Grád
**CORCAIGH** ag 10.30 am ag dul go **MAINISTIR FHEAR MAÍ** agus ag stopadh ag na stáisiúin seo thíos ar an mbealach :

| | | | |
|---|---|---|---|
| Corcaigh | ag fágáil | 10.30 a.m. | Ticéad Fillte Ar Tháillí Singile |
| An Bhlarna | - | 10.45 " | |
| An Ráth Dhubh | - | 10 55 " | |
| Mainistir na Móna | - | 11.10 " | |
| Baile Chaisleán an Róistigh | - | 11.20 " | |
| Baile Átha hÚlla | - | 11.50 " | |
| Mainistir Fhear Maí | ag teacht | 12.00 meán lae | |

Tá ticéid ar fáil chun filleadh ar an dáta eisithe amháin ar an traein speisialta a fhágfaidh Mainistir Fhear Maí ag 6.15 p.m.

---

Eiseofar Ticéid Fillte (an Chéad agus an Tríú Grád) as Malla, Baile Chaisleán an Róistigh agus Baile Átha hÚlla ar an nGnáth-Thraein 10.45 a.m as Malla, as Baile Mhistéala agus Gleannúir ar Ghnáth-Thraenacha 8.55 a.m. agus 11.45 a.m., agus ar thraein speisialta a fhágfaidh Baile Mhistéala ag 11.00 a.m. ar fáil chun filleadh ar Thraenacha Speisialta a fhágfaidh Mainistir Fhear Maí ag 6.0 p.m. agus 7.40 p.m. Chomh maith leis sin as Cill Airne, Luimneach agus Gabhal Luimnigh agus na stáisiúin idir eatarthu ar Chéad Traenacha na Maidine ar fáil chun filleadh ar an dáta eisithe amháin.

Ní bheifear freagrach as ticéid a chailltear

**Stáisiún Kingsbridge, Baile Átha Cliath, Márta 1889** **ROBT. G. COLHOUN, BAINISTEOIR TRÁCHTA**

Foinse: http://www.travelpostersonline.com/ekmps/shops/travelposters/images/

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

Bhí mé ábalta mo chéad phost a fháil ag obair ar thochailt seandálaíochta ag déanamh líníochtaí de na déantáin. Is dócha gur san áit sin a chuir mé dúil sa seandálaíocht den chéad uair. Agus chuir mé an-suim sa scéal a bhí taobh thiar de na déantáin. Mar sin, de réir a chéile thosaigh mé ag cur níos mó suime sna déantáin ná mar a bhí agam i ndéanamh na líníochtaí. Ach ní mór dom a admháil go ndéanaim na líníochtaí ar fad do mo chuid tochailtí féin go fóill.

Bhí mé ag tochailt suíomh trádála ar chósta na Mara Rua san Éigipt. Thóg daoine baile san áit sin mar gur áit iontach trádála ab ea é. Is áit é a dtagadh longa isteach ann. Ach tá sé chomh tirim sin go bhfuil gach rud caomhnaithe. Mar sin, le linn dúinn a bheith ag tochailt san áit sin fuaireamar teach ceannaí a bhí ar an gcósta agus é ag fanacht go dtiocfadh longa isteach. Bhí trádstórais aige, agus bhí iarsmaí ann ó chuid mhór de na nithe a tháinig isteach agus a chuaigh amach trí trádstórais a thí.

Bhíomar ag tochailt an tí seo agus bhí an tochailt críochnaithe againn, agus bhí mata giolcaí a bhí caomhnaithe fós os comhair an tí. Bhí an mata giolcaí sin tuairim agus 700 bliain d'aois. Agus bhíomar críochnaithe leis na tochailtí agus bhí na líníochtaí déanta agam.

Bhí líníochtaí den teach déanta agam agus bhí fótagraf de tógtha againn, agus cheap mé "Dar fia, is mór an trua an mata giolcaí sin a fhágáil anseo ar an talamh." Mar sin, tharraing mé aníos é, agus ansin thángamar ar rud an-suimiúil. Bhí eochair thí faoin mata a d'fhág an ceannaí ansin 700 bliain ó shin, agus bhí a eochair curtha i bhfolach faoin mata dorais aige agus é ag ceapadh go dtiocfadh sé ar ais lá éigin. Agus bhí a ainm scríofa air fiú.

http://kids.nationalgeographic.com/explore/explorers/interview-with-fredrik-hiebert/

### DOICIMÉAD 2

Chuamar i dtír ar chuid de na hoileáin nach raibh gafa thart ar an tSeapáin, agus shéideamar a gcuid gunnaí san aer. Lódálamar an t-armlón ar fad a bhí acu, agus ar ndóigh is iad na Seapánaigh a rinne formhór na hoibre. Bhí ár gcriúnna báid i bhfeighil na mbád, agus thugaimis gach rud amach míle agus chaithimis san fharraige é. Bhí buamaí, gránáidí láimhe, mianaigh talún, gunnaí, marc chlaimhte, aon rud a raibh luach míleata ag baint leis, chaitheamar amach san aigéan dóibh é. Táim cinnte go bhfuil sé thíos ansin fós, áit éigin.

Bhí oileán amháin, níl fhios agam, bhí ainm cineál aisteach air. Sheshoshima. Tá sé thart ar 80 míle ón mbealach isteach chuig Bá Thóiceo. Tharla pléasc ollmhór, agus chaill mé mo bhád. Thit bosca de mhianaigh talún ó dhuine éigin, níl fhios agam an ó dhuine de na buachaillí seo againne nó ó dhuine de na Seapánaigh a thit sé – bhí sé beagán róthrom – agus phléasc an rud.

Shnámh duine den chriú seo againne thart ar chéad slat agus ceann dá chosa briste – an radharc deiridh a fuaireamar air, bhí sé clúdaithe mar a bheadh mumaí ann mar gur rugadh air sa chéad bhladhm ón bpléasc agus gur caitheadh isteach san uisce é. Ba é sin an radharc deiridh a fuaireamar air. Níor chuala mé uaidh riamh ina dhiaidh sin, ach bhí toitín á chaitheamh aige freisin, trí na clúdaigh go léir an uair dheiridh a chonaic mé é.

https://anokacountyhistory.org/wp-content/uploads/2014/10/LeonardDehn